Ceol á Chruthú

Iarrtar ort úsáid a bhaint as an ríomhaire le ceol a chruthú. Is féidir leis an cheol a bheith mar thionlacan ag dán, ag scéal nó ag focail a thug do mhúinteoir duit nó a chum tú féin.

Déan machnamh ar an chineál ceoil a chruthóidh tú agus ar na huirlisí a roghnóidh tú agus tú ag pleanáil do chuid oibre.

Déan machnamh ar luas an cheoil - an mbeidh sé gasta nó fadálach?

Roghnach

B'fhéidir gur mhaith leat:

- úsáid a bhaint as micreafón le tú féin a thaifeadadh ag casadh ceoil ar uirlis; nó
- úsáid a bhaint as eochairchlár mar shampla, le taifeadadh díreach a dhéanamh isteach sa ríomhaire agus bogearraí a chur i bhfeidhm le measchadh agus eagarthóireacht a dhéanamh (más é Garageband atá in úsáid)

Ceol á Chruthú

Más scéal nó dán atá in úsáid agat, déan an guth a thaifeadadh arís agus arís eile go dtí go bhfuil tú sásta leis an fhuaim agus leis an luas.

Seinn arís é chomh minic agus atá de dhíth ort agus déan athruithe.

Seinn do chuid ceoil do na daltaí eile sa rang.

Pléigh le daltaí eile é agus déan cinneadh ar dhóigheanna a dtiocfadh leat é a fheabhsú dá ndéanfá arís é.